2025/1967

29.9.2025

CINNEADH (AE) 2025/1967 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Meán Fómhair 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur leis an spriocdháta le haghaidh aontachas na Casacstáine le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), Airteagal 82(2) agus Airteagal 84, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle ([1]) maidir leis na hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, agus le Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle ([2]), i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus *non-refoulement*, agus tháinig sé i bhfeidhm i leith an Aontais an 1 Deireadh Fómhair 2023. Tá 39 bPáirtí sa Choinbhinsiún faoi láthair, an tAontas agus 22 Bhallstát san áireamh.

(2) Is é Coiste Airí Chomhairle na hEorpa ('an Coiste Airí') comhlacht cinnteoireachta Chomhairle na hEorpa. Tá gach duine de na 46 chomhalta de Chomhairle na hEorpa i dteideal ionadaí amháin ar an gCoiste Airí, agus tá gach ionadaí i dteideal vóta amháin. Tá na Ballstáit uile ina gcomhaltaí de Chomhairle na hEorpa agus, dá bhrí sin, tá ionadaíocht acu ar an gCoiste Airí.

(3) De bhun Airteagal 76(1) den Choinbhinsiún, féadfaidh an Coiste Airí, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe sa Choinbhinsiún agus toiliú d'aon toil a fháil uathu, a chinneadh iarraidh ar Stát nach comhalta de Chomhairle na hEorpa é aontú don Choinbhinsiún. Chun cinneadh den sórt sin a dhéanamh, is gá tromlach dhá thrian den Choiste Airí agus vóta d'aon toil ionadaithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún atá i dteideal suí ar an gCoiste Airí.

(4) An 22 Aibreán 2020, chinn an Coiste Airí iarraidh ar an gCasacstáin aontú don Choinbhinsiún. De bhun an chinnidh sin, bhí an iarraidh bailí ar feadh 5 bliana ó dháta a ghlactha, is é sin, go dtí an 23 Aibreán 2025.

(5) Le litir dar dáta an 3 Aibreán 2025, d'iarr an Chasacstáin síneadh 2 bhliain a chur leis an spriocdháta le haghaidh aontachas na Casacstáine leis an gCoinbhinsiún is é sin go dtí an 23 Aibreán 2027, chun go mbeidh sí in ann a nósanna imeachta inmheánacha a thabhairt i gcrích.

(6) Tá coinne leis go nglacfaidh an Coiste Airí, ag an gcruinniú a bheidh aige i mí Mheán Fómhair 2025, cinneadh lena gcuirfear síneadh 2 bhliain leis an spriocdháta le haghaidh aontachas na Casacstáine leis an gCoinbhinsiún.

([1]) Cinneadh (AE) 2023/1075 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1075/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2023/1076 ón gComhairle an 1 Meitheamh 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus le tearmann agus *non-refoulement* (IO L 143 I, 2.6.2023, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1076/oj).

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Airí a leagan síos maidir le síneadh a chur leis an spriocdháta le haghaidh aontachas na Casacstáine leis an gCoinbhinsiún, ós rud é go bhféadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag an síneadh sin ar an Aontas. Is é an éifeacht a bheadh ag an síneadh sin ná athnuachan a dhéanamh ar an iarraidh éagtha ar an gCasacstáin aontú don Choinbhinsiún agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh bunú caidrimh chonarthaigh idir an tAontas agus an Chasacstáin a bheith mar thoradh air faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin. D'fheadfadh éifeachtaí an tsínte tionchar a imirt freisin ar an gcaoi a ndéantar cinntí i gCoiste na bPáirtithe sa Choinbhinsiún.

(8) Rachadh aontachas na Casacstáine don Choibhinsiún chun tairbhe don Aontas, ós rud é go leathnófaí leis caighdeáin uaillmhianacha an Choinbhinsiúin chuig an tír sin. Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais an síneadh 2 bhliain a chur leis an spriochdhátá le haghaidh aontachas na Casacstáine leis an gCoinbhinsiún chun go mbeidh sí in ann a nósanna imeachta inmheánacha a thabhairt i gcrích.

(9) Ós rud é nach comhalta de Chomhairle na hEorpa é an tAontas ach gur comhaltaí iad na Ballstáit uile, tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag cruinniú Choiste Airí Chomhairle na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2025 tacú le síneadh a chur leis an spriocdháta le haghaidh aontachas na Casacstáine le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac go dtí an 23 Aibreán 2027.

Airteagal 2

Na Ballstáit is comhaltaí de Choiste Airí Chomhairle na hEorpa, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE